ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN | BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND



# Plean Ceadúnaithe Raidió Tráchtála an BAI 2022

**Plean Ceadúnaithe Raidió (FM) Tráchtála an BAI 2022**

Mar chomhlacht atá freagrach as craolachán a rialáil in Éirinn, ceanglaítear ar Údarás Craolacháin na hÉireann (an BAI) faoin Acht Craolacháin 2009 straitéis a ullmhú maidir le seirbhísí craolacháin a sholáthar in Éirinn.

Sa Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin[1] reatha, a foilsíodh i mí na Samhna 2018, leagtar amach an cur chuige a ghlacann an BAI i leith seirbhísí craolacháin a cheadúnú sa Stát (chomh maith le na seirbhísí a bhíonn á gcur ar fáil ag RTÉ agus ag TG4) agus tugtar breac-chuntas ar an bhfís atá ag an BAI an meascán is fearr seirbhísí a sholáthar.

De bhun an dualgais reachtúil atá air pleananna a chur le chéile maidir le líon, le cineál agus le raon feidhme na gconarthaí craolacháin a mbeartaíonn sé dul isteach iontu (ar mholadh ón gCoiste um Dheonú Conarthaí), cuireann an BAI a phlean ceadúnúcháin don trémhse 2022 i láthair.

Is é atá i gceist leis an bplean sin tabhairt faoi phróiseas ceadúnaithe le haghaidh 11 seirbhís áitiúil leathanfhormáide agus 3 sheirbhís áitiúil ceolbhunaithe. Tá na seirbhísí leagtha amach sa tábla thíos.

| | Cineál Seirbhíse | Limistéar Saincheadúnais | Sprioclucht Éisteachta |
|---|---|---|---|
| 1. | Conradh craolacháin fuaime le haghaidh Seirbhís Áitiúil Leathanfhormáide amháin | Contae Maigh Eo | Daoine Fásta |
| 2. | Conradh craolacháin fuaime le haghaidh Seirbhís Áitiúil Leathanfhormáide amháin (1) | Cathair agus Contae na Gaillimhe | Daoine Fásta |
| 3. | Conradh craolacháin fuaime le haghaidh Seirbhís Áitiúil Leathanfhormáide amháin (1) | Cntae Lú agus Contae na Mí | Daoine Fásta |
| 4. | Conradh craolacháin fuaime le haghaidh Seirbhís Áitiúil Leathanfhormáide amháin (1) | Cathair agus Contae Port Láirge | Daoine Fásta |
| 5. | Conradh craolacháin fuaime le haghaidh Seirbhís Áitiúil Leathanfhormáide amháin (1) | Contae an Chláir | Daoine Fásta |
| 6. | Conradh craolacháin fuaime le haghaidh Seirbhís Áitiúil Leathanfhormáide amháin (1) | Contae Loch Garman | Daoine Fásta |
| 7. | Conradh craolacháin fuaime amháin le haghaidh dhá (2) Seirbhís Áitiúil Leathanfhormáide | Seirbhís 1: Contae an Cabhán agus Contae Muíneachán<br>Seirbhís 2: Contae Longfort, Contae Ros Comáin agus Liatroim Theas | Daoine Fásta |
| 8. | Conradh craolacháin fuaime le haghaidh Seirbhís Áitiúil Leathanfhormáide amháin (1) | Contae Cill Mhantáin | Daoine Fásta |
| 9. | Conradh craolacháin fuaime le haghaidh Seirbhís Áitiúil Ceolbhunaithe amháin (1) | Baile Átha Cliath agus Contae Átha Cliath | 15 – 34 aoisghrúpa |
| 10. | Conradh craolacháin fuaime le haghaidh Seirbhís Áitiúil Ceolbhunaithe amháin (1) | Baile Átha Cliath agus Contae Átha Cliath | 25-44 bliana d'aois |
| 11. | Conradh craolacháin fuaime le haghaidh Seirbhís Áitiúil Leathanfhormáide amháin (1) | Contae Tiobraid Árann | Daoine Fásta |

[1] An Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin foilsithe ag Údarás Craolacháin na hÉireann - Údarás Craolacháin na hÉirean (bai.ie)

| | | | |
|---|---|---|---|
| 12. | Conradh craolacháin fuaime le haghaidh Seirbhís Áitiúil Ceolbhunaithe amháin (1) | Cathair agus Contae Corcaigh | 15 – 34 aoisghrúpa |
| 13. | Conradh craolacháin fuaime le haghaidh Seirbhís Áitiúil Leathanfhormáide amháin (1) | Contae Cill Dara | Daoine Fásta |